

Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

AISTEAR AN ÍOCHTARÁIN

Damien Comer

Le Liam de Lása

Nuair a thosnaíos ag machnamh ar réaltaí spóirt ár linne ag tús an bhúis seo ar fad, bhíos siúrálte gur laochra ar leith a bhí á lorg agam. Ceardaithe spóirt a raibh clú agus cáil orthu ó laethanta a n-óige agus laochra a bhláthaigh go flúirseach faoi bhrú millteanach na craoibhe. Is é an áit ina bhfuil an sásamh domsa ná an tochailt dhoimhin i gcúlra na laoch agus céimeanna a n-aistear a leanúint ó thús a mbeatha go dtí na laethanta breátha i bPáirc an Chrócaigh.

Chuireas spéis sna conairí éagsúla in iarracht a fháil amach cad go díreach a scarann na himreoirí mór le rá óna gcomrádaithe. Chaithfinn a admháil go seasann scéal Damien Comer amach thar aon cheann eile atá cloiste nó léite agam cheana. Dála móráin, is mín liom scéal an íochtaráin, is cuma cén spórt atá ann, téann sé i gcion orainn go léir, an fear beag ag baint plaice as na piardaí móra chun an chreach a thabhairt leis aon uair amháin fiú.

Éabhlóid an pheileadóira

Is ait dom 'íochtarán' a thabhairt ar Damien Comer. Fear atá i mbarr a mhaitheasa agus áirithe i measc na dtosaithe is cumasaí sa tír faoi láthair. Nuair a chuas i mbun taighde, thánga ar scéal a lasfadh splanc in aigne imreoirí óga na tíre.

Tá naoi mbliana imithe ó chaill Coláiste Iarlatha, Tuaim cluiche ceannais an Chrócaigh, an comórtas mór le rá a thugann speiceáil dúinn ar thallann an lae amárach. D'fhéach Comer amach ó Ardán Uí Ógáin ar an lá san agus ba mhó an formad a bhí aige lena chairde scoile. Bhíodar siúd ag imirt ar an talamh naofa ach ní raibh ainm Comer luaite i measc na bhfear ionaid fiú.

D'admhaigh sé ina dhiaidh sin nach raibh sé forbartha a dhóthain mar imreoir chun go mbeadh aon tionchar aige ar an bpainéal ach ba shuarach an sólas é sin do dhéagóir óg, uailmhianach ag an am.

Chuaigh foireann mhionúir na Gaillimhe chun páirce an bhliain dár gcionn gan tásca ná tuairisc ar Comer i measc phlúr na n-imreoirí óga sa chontae. Chaillfeadh mórán againn pé dóchas a bhí againn go gcaithfimis geansaí eadar-chontae lá éigin. Bíodh nach raibh a chumas soiléir do roghnóirí ag an am níor cuireadh stad ná staonadh ar a fhorbairt mar pheileadóir le linn na tréimhse sin.

Déarfadh roinnt pearsan spóirt leat go mbíonn smut den ádh ag teastáil thar aon ní eile. Aon bhriseadh amháin ag am cinniúnach chun an taoide a chasadh ina dtreo. Tháinig an cor cinniúna ina shaol imeartha nuair a tugadh faoi deara é i gcluiche trialach don fhoireann fé 21 ag tús na bliana 2013. Aithníodh a chumas marfach ón dá chos, an neart sna géaga agus stuaim nádúrtha i mbun seilbhe. Thosaigh sé ar an bhfoireann a bhuaigh Craobh na hÉireann an bhliain sin agus de dhroim oíche rugadh réalta san Iarthar. Níl tóin ná ceann leis mar scéal.

Nuair a thug an Ghaillimh a n-aghaidh ar Áth Cliath sa chraobh arú anuraidh, bhaineadar creathadh ceart astu i bPáirc an Chrócaigh. Thugadar fúthu go dásachtach agus deineadh iontas den taispeántas in ainneoin gur theip orthu sa deireadh. Bhí Comer istigh leis féin nuair ba mhó a bhí an choimhlint ina teas sa chéad leath, do-chloíte ar imeall na cearnóige aon uair a tháinig an tseilbh ina threo.



Buíochas le Sportsfile

Ba chuma leis ard nó íseal gheobhadh sé póca beag spáis dó féin chun scór a chruthú don fhoireann. Shamhlóinn go raibh an roghnóir géarshúileach úd ag féachaint isteach go mórálach ar ghaiscí Comer. Sásta gur aithin sé an mianach céanna a d'fhan faoi cheilt ar feadh na mblianta.

Deirtí coitianta nach mar is fearr le duine a bhíonn an scéal i gcónaí. Ba dheas leis dá mbeadh sé faoi bhláth le foirne óga na Gaillimhe ach bhí na laethanta san fhásach lárnach in éabhlóid Damien Comer, duine de na peileadóirí is cumasaí sa tír. Tá ceacht luachmhar in san méid sin dúinn ar fad.

Bús - Commotion
Bhláthaigh - Flourished
Íochtarán - Underdog
Conairí - Pathways
Formad - Envy
Suarach - Insignificant

Piardaí - Important people
Smut - Portion
Géaga - Limbs
Dásachtach - Daring
Do-chloíte - Invincible
Géarshúileach - Keen-eyed

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

E	N	H	H	N	N	A	R	A	C	S	A	R	H
U	C	H	D	A	E	R	I	E	D	H	N	B	S
A	A	S	M	D	H	I	C	E	A	N	N	R	T
I	A	A	A	I	C	S	I	R	I	A	U	T	A
L	F	C	A	R	A	O	N	A	C	H	H	A	O
L	S	I	S	C	T	U	H	A	R	H	A	T	N
M	M	A	C	N	I	A	T	L	E	T	M	O	A
H	H	R	O	A	O	N	A	S	A	O	A	C	D
I	C	R	I	L	N	A	H	D	T	S	C	H	H
A	A	A	L	P	C	O	T	A	H	A	H	A	O
N	N	C	H	S	H	F	A	M	A	I	N	I	C
A	A	H	C	T	A	A	E	R	D	T	A	L	A
C	I	T	A	E	R	R	B	O	H	H	M	T	I
H	M	R	I	A	A	H	I	F	M	E	H	E	A

DEIREADH
NAOFA
SCOIL
STAONADH
CREATHADH
FORMAD
UAILLMHIANACH
STUAIM
CEANN
IARRACHT
MIANACH
BEATHA
TOSAITHE
SCARANN
SPLANC
TIONCHAR
TOCHAILT
TUAIRISC
MACHNAMH